



School Gardening  
Resources

PRIMARY LEVEL

**BORD BIA**  
IRISH FOOD BOARD

# Naimhde Gairdín Coiteann a Bhainistiú





**Am na Bliana**

Aibreán go Meitheamh

**Aidhm**

Chun iniúchadh a dhéanamh ar cé na bacanna nádúrtha is fearr a oibríonn ar dhrúchtíní agus sheilidí.

**Acmhainní ag teastáil**

Pictiúir de dhrúchtíní agus sheilidí. Éagsúlacht de bhacanna, cosúil le grean, feamainn mionghearrtha, spíonlach giúise agus ribí róin, olann caorach, adhmaid fuinseoige, scianbhreallaigh brúite, bÁCáilte, blaoisc uibhe brúite, driodair chaife. Múirín saor ó mhóin. 5-10 bplanda leitís. Potaí trastomhais 5-10 15-25cm.

**Ábharthacht  
Thraschuraclaim**

**OSIE:** Dúile Beo, feasacht agus cúram comhshaoil, breathnú, taifeadadh, aithint feithidí, slabhraí bia  
**Teangacha:** Focail nua, litearthacht, litriú  
**Ealaín:** Líníocht/grianghraf/cruthaitheacht  
**OSPS:** Mise agus an domhan mór, ag forbairt saoránachta  
**Curaclam Neamhfhoirmiúil:** Scoileanna Glasa, Discover Primary Science



**Ullmhúchán**

1. Déan ceapóg íseal ardaithe 1 mhéadar cearnach ag baint úsáide as cláir 10 go 15cm ar leithead. Lón é seo le múirín saor ó mhóna.
2. Gearr na himill as 5-10 bpota plandaí ag baint úsáide as sábh miotail. Is féidir éagsúlacht de thrastomhais potaí ó 15cm go 25cm a bheith ann.



**Plandáil**

Cuir plandaí leitíse den chineál céanna i lár gach imeall. Uiscigh go maith. Timpeallaigh taobh istigh de gach imeall ceann de na bacanna atá liostaithe thuas, ag cinntiú go bhfágann tú ceann gan aon bhac, rud a bheidh mar an smacht.



**Breathnú**

Gach lá breathnaíonn na daltaí ar na plandaí ag am seasta ag tabhairt faoi deara an bhail atá ar gach leitís agus ag taifeadadh an méid a fheiceann siad. Is féidir é seo a dhéanamh trí tharraingt, ghrianghrafadóireacht nó scríbhneoireacht. Lean ar aghaidh leis an imscrúdú go dtí nach mbeidh níos mó damáiste á dhéanamh do na plandaí ag moilisc.

**Sláinte agus Sábháilteacht**

- ★ Ba chóir a bheith cúramach ag baint na n-imeall leis an sábh miotail.
- ★ Bain úsáid as gloiní cosanta agus na scianbhreallaigh á mbrú.
- ★ Ná bÁCáil na huibheacha níos faide ná nóiméad.



**Gníomhaíocht Síntí**

Iarr ar na daltaí tástáil eile a cheapadh trí bhacanna éagsúla a úsáid.

